
TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 9

TAR AR NA DALTAÍ AGUS IAD GO MAITH!

Is clisé (*cliché*) é, ach is ceann simplí é agus is ceann maith é. Seo an prionsabal atá i gceist: freagróidh daoine don aird a thabharfaidh daoine eile orthu agus chun an aird sin a choinneáil déanfaidh na daoine sin cibé iompraíocht a bheidh riachtanach. Mar sin de, mura bhfuilimid ag tabhairt airde ar an dalta ach mar fhreagra ar iompraíochtaí diúltacha foghlaimeoidh an dalta gurb é seo an bealach is fearr le haird an mhúinteora a tharraingt air. Ach, má mholaimid daltaí toisc go bhfuil a n-iompraíocht/ “a bhfócas ar an tasc” de réir mar is mian linn é a bheith, ansin is mó an seans go ndéanfaidh siad aithris ar na h-iompraíochtaí dearfacha sin.

Mar sin de, mar a deir amhrán Johnny Mercer & Harold Arlen: “You've got to accentuate the positive, eliminate the negative, latch on to the affirmative ... spread joy up to the maximum, bring gloom down to the minimum”.

Is é an buntáiste ollmhór eile a bhaineann le ‘teacht orthu agus iad go maith’ ná gur teicníc an-simplí í a bheimid in ann a mhíniú do thuismitheoirí, agus a bheimid in ann iarraidh orthu a chleachtadh sa bhaile. Cuirfidh seo le cumhacht na teicnice sa dá háit. Má fheiceann an dalta iompraíocht dhearfach mar bhealach chun moladh a fháil sa bhaile agus ar scoil, ansin is mó an seans go dtarlóidh an iompraíocht sin arís.

Céimeanna Bunúsacha a bhaineann le teicníc teacht ar na daltaí agus iad go maith

1. Aithin samplaí d’iompraíochtaí atá ag cur isteach ar dhaoine. Cuir i gcatagóirí iad: na cinn is féidir neamhaird a dhéanamh díobh agus na cinn nach féidir.
2. Aithin samplaí d’iompraíochtaí nach bhfuil ag cur isteach ar an rang agus d’iompraíochtaí oiriúnacha don seomra ranga.
3. Uaireanta más cuí tabhair moladh ar leith do roinnt daltaí (iadsan a bhfuil imní ort fúthu san áireamh) má tá siad ag déanamh rud éigin nach bhfuil ag cur isteach ar an rang.
4. Agus dalta ag cur isteach ar an rang, déan neamhaird den iompraíocht sin, ach amháin mura féidir sin a dhéanamh - cuir i gcás má tá bagairt á déanamh ag an dalta ar an bhfoireann / ar dhaltaí eile, má tá an dalta ag magadh faoi na daoine seo, nó má tá a sábháilteacht i mbaol.
5. Le linn duit a bheith ag déanamh neamhairde d’iompraíocht an dalta atá ag cur isteach ar dhaltaí eile, díriú d’aird ar dhaltaí eile a bhfuil iompraíocht chuí ar bun acu agus atá ina suí in aice leis an dalta agus tabhair moladh ar leith dóibh as a gcuid iompraíochta cuí.
6. Má tá iompraíocht an dalta ag cur isteach go mór ar dhaltaí eile, seans gur gá an dalta sin a chur amach chuig limistéar sosa ar feadh tréimhse. (Féach Treoirbhileoga 6 agus 36 maidir le ‘Céimeanna beaga’ agus ‘fionraí ghairid’).
7. Agus iompraíocht chuí ar bun ag an dalta ar mian leat a chuid iompair a athrú, tabhair moladh ar leith don iompar lom láithreach. Úsáid do bhreithiúnas féin (bíodh aithne agat ar do dhalta!) faoi cibé ar chóir an dalta a mholadh go poiblí os comhair a chuid/cuid piaraí, nó sin a dhéanamh ar bhealach níos príobháidí.

Tuilleadh eolais: <http://www.teachervision.fen.com/teaching-methods/classroom-management/9154.html>

<http://www.behavioradvisor.com/CatchGood.html>

Teileafón 1850 200 884 www.sess.ie info@sess.ie